

## Beathaí nua curtha le ainm.ie

Cuireadh cúig bheatha nuascríofa leis an mBunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge, [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie), le deireanas.

Ina measc, tá cuntas ar [Nioclás Mac Craith](#) (1923–2018) a rugadh i Rinn Ó gCuanach sna Déise. Oideachasóir, scoláire, díograiseoir teanga, lúthchleasaí, gníomhaire pobail, file agus scríbhneoir ab ea é. Chuaigh sé go Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, áit ar bhain sé céim Baitsiléir Ealaíon amach in 1945 chomh maith le hArdteastas san Oideachas ina dhiaidh sin. D’fhill sé ar a fhód dúchais nuair a bunaíodh Meánscoil San Nioclás sa Rinn in 1959, áit ar ceapadh é mar phríomhoide. Níl cur síos ar an méid de bhéaloideas, d’fhillíocht, d’amhráin agus de cheol a cheantair dúchais a thaifead agus a scríobh Nioclás Mac Craith síos. I gcaitheamh a shaoil, tobar domhain ab ea é do mhic léinn, do scoláirí, d’údair nó d’aon duine eile a bhí ag iarraidh leas a bhaint as a chuid eolais nó as a chuid léinn, agus is iomaí sin foilseachán timpeall an domhain ina nglactar buíochas leis as a chuid flaitiúlachta ina thaobh sin.

Saolaíodh [Eilís Dillon](#) (1920–1994) i dTeach an Daingin, trí mhíle ó thuaidh de chathair na Gaillimhe. Bhog an teaghlach go Bearna i gContae na Gaillimhe in óige Eilís agus ba ansin a d’fhoghlaim sí a cuid Gaeilge. Ba scríbhneoir gairmiúil í Eilís. Cé gur scríobh sí ábhar do dhaoine fásta agus do pháistí araon, is de bharr a cuid scéalta do pháistí is mó atá aithne uirthi. D’fhoilsigh sí beagnach 40 leabhar do pháistí idir 1948 agus 1992 agus aistríodh a saothar go cúig theanga dhéag. Sa lá atá inniu ann, bronnann Children’s Books Ireland duais speisialta ina cuimhne, Gradam Eilís Dillon, ar údar ar foilsíodh an chéad leabhar do pháistí leis/Léi an bhliain sin.

D’ainneoin a óige is a bhí [Brid Maloney](#) (1982–2012) nuair a bhásaigh sí go tobann, in aois a deich mbliana fichead, d’éirigh léi go leor a bhaint amach sa ghairm a thogh sí di féin, mar atá, léiriúchán teilifíse. Sa tréimhse ghearr a chaith sí ag obair go gairmiúil bhí cáil bainte amach aici mar dhuine de na léiritheoirí teilifíse ba rathúla a bhí ag obair in earnáil na Gaeilge. Thosaigh Brid ag obair in earnáil an raidió sular aistrigh sí go buan go dtí cúrsaí teilifíse. Ar na cláir a rinne sí, bhí *Faire* (2009), clár faoi nósanna a bhain leis an bhás; agus *The bothy boy* (2011), faoi shaol an cheoltóra Micheál Ó Domhnaill, clár a thuill ainmniúchán di do ghradam ag Féile na Meán Ceilteach. Sular bhásaigh sí, bhí sí go díreach ar tí *Amhráin aduaidh* a chríochnú don chomhlacht Clean Slate, sraith a bhain le hamhráin Ghaeilge Chúige Uladh.

Ní raibh aon chuimhne ag [Patsaí Dan Mag Ruaidhrí](#) (1944–2018) ar shaol a óige sular tugadh isteach go hOileán Thoraí ar altramas agus é ceithre bliana d’aois. Iascaireacht agus minfheirmeoireacht an tslí bheatha a bhí ag a athair uchtála, Dónall Mag Ruaidhrí, agus chuaigh Patsaí ag obair leis ar fhágáil na scoile dó. Spreag an t-ealaíontóir Sasanach, Derek Hill, glúin úr de phéintéirí ar an oileán agus bhí Patsaí Dan go mór chun tosaigh sa ghluaiseacht sin. Toghadh Patsaí mar Rí Thoraí in 1993. Idir a róil mar Rí, mar cheoltóir, mar ealaíontóir agus mar agóidí bhain sé aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta amach dó féin. I measc na ngradam a bronnadh air, bhí an Proclamation of the City of New York (1992); Máistreacht Oinigh sa Cheol ó Ollscoil Uladh, Coláiste Mhig Aoidh, Doire (1992); agus Gradam Mhic Ádhaimh, Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain, Béal Feirste (2017).

Léiritheoir ceannródaíoch ar an gclár cúrsaí reatha *7 Days*, léachtóir, scríbhneoir, déantóir scannán agus mórphearsa i saol na craoltóireachta in Éirinn ba ea [Muiris Mac Conghail](#) (1941–2019). Chuaigh Muiris i mbun oibre le RTÉ in 1964 agus bhí sé ar dhuine den ghlúin óg iriseoirí agus craoltóirí a rinne obair cheannródaíoch i mblianta luatha an stáisiúin náisiúnta teilifíse. Bhain Muiris seasamh agus aitheantas amach i gcúrsaí scannánaíochta. Bhí sé ina chathaoirleach ar Bhord Scannán na hÉireann ar feadh seala agus thuill a shaothar scannánaíochta féin meas agus gradaim dó freisin. Agus é fós le RTÉ rinne sé, *Places apart* (1982) ar an bpéintéir Tony O’Malley, *De Valera: questions of Ulster* (1983) le John Bowman, agus an mórshaothar *Oileán eile* (1985) ar an mBlascaod, a bhain an dara Gradam Jacob’s dó. In 1986, d’fhág Muiris RTÉ agus bhunaigh Scannáin Chéad Shnáma Teo. a rinne scannáin ar coimisiún do RTÉ, a bhain den chuid is mó leis na hoileáin



An Roinn Turasoireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



agus leis an Ghaeltacht, le scríbhneoirí agus le péintéirí, leis an bpolaitíocht agus le cúrsaí reatha. Litríocht na mBlascaod is ábhar do dhá leabhar leis: *The Blaskets: a Kerry Island library* (1987) agus *Aghaidheanna fídhil agus Púicíní: Seirse Mac Tomáis in Éirinn 1923-1934* (2009).

**Nótaí d'eagarthóirí:**

Mórshaothar luachmhar léinn é an cnuasach beathaisnéisí ag [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie), a chuimsíonn breis is 1,700 beathaisnéis ó 1560 go dtí an lá inniu. Tá an tionscadal beathaisnéisí Gaeilge seo á fhorbairt ó 2009 i leith ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht agus le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, údair na naoi n-imleabhar a d'fhoilsigh An Clóchomhar idir 1986 agus 2007 faoin teideal *Beathaisnéis*.

Bunaíodh painéal comheagarthóirí in 2013 faoi stiúir Cló Iar-Chonnacht le cuid de na seanbheathaisnéisí a nuashonrú agus le cinn úra a scríobh. Ba iad Lillis Ó Laoire, Seán Mac Labhraí, Mártan Ó Ciardha, Louis de Paor agus Noel Ó Gallchóir a sholáthair na cuntais seo ar bheathaí na ndaoine thuasluaite.

Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

Tuilleadh eolais ar fáil ó [ainm@dcu.ie](mailto:ainm@dcu.ie) nó (01) 700 6577.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

